C/2024/3015

29.4.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES)/2024/1242 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1243 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú

(C/2024/3015)

Dírítear aird na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 ([1]) ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú, arna leasú le Cinneadh (CBES)/2024/1242 ([2]) ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2023/888 ([3]) ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2024/1243 ([4]) ón gComhairle, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/891, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/888, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart go leanfadh na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 agus i Rialachán (AE) 2023/888 d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine agus leis an eintiteas sin.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas sin gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/888, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh **an 1 Samhain 2024** ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 114, 2.5.2023, lch. 15.
([2]) IO L, 2024/1242, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1242/oj.
([3]) IO L 114, 2.5.2023, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/1243, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1243/oj.